

Leachtuithe, Glacadóireachtaí & Scrúdaitheoireachtaí

Bileog Faisnéise Uimhir. 38 / Aibreán 2019

1. Glacadóireachtaí	2
Ceanglais reachtúla Dícháilíochtaí i leith ceapacháin	
2. Scrúdaitheoireachtaí	4
Ceanglais reachtúla Dícháilíochtaí i leith ceapacháin	
3. Leachtuithe	5
Foirceannadh Toilteanach ag Comhaltaí Foirceannadh Toilteanach ag Creidiúnaithe Leachtú Cúirte Cumhacht chun iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar cheisteanna a chinneadh	
4. Cáilíocht le haghaidh Ceapacháin mar Leachtaitheoir/Scrúdaitheoir	13
Leachtuithe a ndearnadh a thionscnamh roimh an Acht seo Cáilíocht chatagóir 1 Cáilíocht chatagóir 2 Cáilíocht chatagóir 3 Cáilíocht chatagóir 4 Cáilíocht chatagóir 5 Clúdach Slánaíochta Gairmiúla Scor de ghníomhú mar leachtaitheoir i gcás nach bhfuiltear cáilithe a thuilleadh Dícháilíocht shonrach i leith ceapacháin mar leachtaitheoir	
5. Ceapadh Leachtaitheora nó Leachtaitheoir d'Éirí as Oifig	16
Ceapachán mar leachtaitheoir Éirí as oifig an leachtaitheora Fógra don CRO	
6. Foirceannadh ag an gCúirt – Foras don Leachtú	18
7. Dearbhú Sócmhainneachta – Leachtú comhaltaí	19
Nós imeachta formheasta achomair Duine neamhspleách Dearbhú neamhéifeachtach	

1. Glacadóireachtaí

I gcás réadmhaoin na cuideachta atá faoi ghlacadóireacht, tá glacadóir ceaptha ina leith, atá ag réadú agus ag fáil a sócmhainní agus/nó ag bainistiú a gnóthaí, agus táthar ag súil gur féidir na fiacha a ghlanadh atá dlite don sealbhóir bintiúr a cheap é nó í.

Is féidir le duine ar bith nach comhlacht corpraithe ná féimheach neamh-urscaoilte é nó í a bheith ina ghlacadóir nó ina glacadóir. Is féidir go gceapfaidh an Chúirt an té sin nó go gceapfar é nó í lasmuigh den chúirt chun gníomhú mar ghlacadóir ar mhaoin chuideachta. Cuirfidh sé nó sí i bhfeidhm sochair, cearta agus leasanna na cuideachta mar a ordófar agus coinneoidh sé nó sí cuntas ar a chuid nó a cuid admhálacha agus íocaíochtaí le linn na tréimhse ceapacháin.

Leagtar na cúraimí atá ar ghlacadóir amach de ghnáth san ionstraim a gceaptar é nó í faoina téarmaí agus tá siad leagtha amach freisin i gCuid 8 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Ceanglais reachtúla

Ní mór fógra faoi cheapadh glacadóra, **Foirm E8**, a chomhdú leis an CRO laistigh de sheacht lá ó cheapadh é nó í agus ní mór é a fhoilsiú freisin san Iris Oifigiúil.

Nuair a bhíonn glacadóir ceaptha, ní mór fógra á rá sin a bheith sna sonraisc, sna horduithe le haghaidh earraí agus sna litreacha gnó go léir arna n-eisiúint ag an gcuideachta nó thar a ceann.

I gcás ina gceaptar glacadóir thar ceann na sealbhóirí bintiúr, atá urraithe le muirear comhlúthach, ní mór ráiteas faoi chúrsaí na cuideachta (**Foirm E10**) a chur faoi bhráid an ghlacadóra, agus ní mór dó nó di sin cóip den fhoirm chéanna a chomhdú leis an CRO.

Ní mór don ghlacadóir achoimrí ar a chuid nó a cuid admhálacha agus íocaíochtaí a chomhdú ar **Foirm E9**, maidir le gach tréimhse sé mhí ó dháta a cheapacháin nó a ceapacháin agus aon tréimhse dheiridh níos giorra go dtí an dáta a scoirfidh sé/sí de bheith ag gníomhú.

Scor

Déantar fógra scoir a chomhdú ar **Foirm E11**. Ní mór foirmeacha E9 a chomhlánú cothrom leis an dáta scoir. Filleann stádas na cuideachta ar ais chuig an Gnáthstádas mura bhfuil sí faoi Leachtú cheana féin.

Gearrtar táille comhdaithe €15 maidir le gach doiciméad glacadóireachta.

Tráth an scoir, mura bhfuil an chuideachta faoi leachtú cheana féin, tá gá le ráiteas ó ghlacadóir arna cheapadh nó arna ceapadh thar mhaoine ar fad na cuideachta. Ba cheart go dtabharfaí dearbhú sa ráiteas faoi alt 430 cibé, ar dháta an scoir, an raibh an chuideachta sócmhainneach nó nach raibh. Déantar an ráiteas sin a chomhdú ansin in éineacht le hachomaireacht deiridh an ghlacadóra. Cuireann an CRO an ráiteas sin ar aghaidh chuig Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Ráiteas go bhfuil an chuideachta faoi ghlacadóireacht

Faoi alt 429(1), i gcás ina bhfuil glacadóir ar mhaoin chuideachta ceaptha, ní mór go mbeadh ráiteas gur ceapadh glacadóir ar gach sonrasc, gach ordú i leith earraí nó gach litir ghnó arna n-eisiúint ag an chuideachta nó an glacadóir nó thar a ceann nó a ceann, toisc gur doiciméad é ar a bhfuil nó ina bhfuil ainm na cuideachta. (I gcás inar ceapadh glacadóir ar mhaoin chuideachta agus ina bhfuil foirceannadh na cuideachta ar siúl (cibé acu ar tionscnaíodh an foirceannadh sin roimh an gceapachán nó dá éis sin), chomh maith leis an ráiteas go bhfuil an chuideachta faoi ghlacadóireacht, beidh ráiteas ann freisin go bhfuil an chuideachta á foirceannadh.)

Faisnéis ar an Suíomh Gréasáin

I gcás ina bhfuil glacadóir ar mhaoin chuideachta ceaptha, ansin ní mór go mbeadh ráiteas go bhfuil glacadóir ceaptha ar aon suíomh gréasáin de chuid na cuideachta agus ar aon phost leictreonach arna sheoladh chuig tríú páirtí ag an gcuideachta nó thar a ceann. Ar an gcaoi chéanna, más amhlaidh go bhfuil an chuideachta faoi leachtú, ba chóir é sin a lua freisin.

(Ciallaíonn tríú páirtí duine seachas oifigeach nó fostaí de chuid na cuideachta lena mbaineann, nó cuideachta shealbháíochta nó fochuideachta de chuid na cuideachta nó oifigeach nó fostaí de chuid

na cuideachta shealbhaíochta nó na fochuideachta sin).

Dícháiliú duine i leith a cheaptha ina ghlacadóir.

Ní bheidh aon duine de na daoine seo a leanas cáilithe chun a cheaptha ina ghlacadóir ar mhaoin chuideachta –

- féimheach neamh-urscaoilte;
- duine atá, nó a bhí laistigh de thréimhse 12 mhí roimh thosach na glacadóireachta, ina oifigeach nó ina sheirbhíseach don chuideachta;
- tuismitheoir, céile, páirtí sibhialta, deartháir, deirfiúr nó leanbh oifigigh don chuideachta;
- duine atá ina chomhpháirtí, nó atá ar fostú, ag oifigeach nó seirbhíseach don chuideachta;
- duine nach bhfuil cáilithe de bhua an fho-ailt seo chun a cheaptha mar ghlacadóir ar mhaoin aon chomhlachta chorpraithe eile arb é fochuideachta nó cuideachta shealbhaíochta na cuideachta sin nó fochuideachta do chuideachta shealbhaíochta na cuideachta sin é, nó a bheadh dícháilithe amhlaidh dá mba chuideachta an comhlacht corpraithe;
- comhlacht corpraithe.

Measfar go bhfolaíonn an tagairt do leanbh oifigigh de chuid na cuideachta leanbh pháirtí sibhialta an oifigigh sa chás ina bhfuil an leanbh ina ghnáthchónaí leis an oifigeach agus an páirtí sibhialta. Folaíonn oifigeach nó seirbhíseach don chuideachta iniúchóir reachtúil.

Scaradh le post glacadóra

Má thagann glacadóir ar mhaoin chuideachta chun bheith dícháilithe, scarfaidh sé nó sí air sin lena oifig nó lena hoifig agus tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn laistigh de 14 lá tar éis an dáta scartha don chuideachta, don Chláraitheoir agus don sealbhóir bintiúir, más rud é gur sealbhóir bintiúir a cheap an glacadóir, nó don chúirt, más rud é gurb í an chúirt a cheap an glacadóir, go bhfuil sé nó sí scartha lena oifig nó lena hoifig mar gheall ar an dícháiliú sin.

Foirmeacha nach mór a chomhdú		Táille Comhdaithe	An tréimhse ama i leith Seachadta	Tréimhsí lena gClúdach
E8	Fógra faoi cheapadh Glacadóra	€15.00	Laistigh de 7 lá ón gceapachán	
E9	Achomaireacht an ghlacadóra	€15.00	Laistigh de 30 lá ó dheireadh na tréimhse.	Achomaireachtaí le cur isteach gach sé mhí nó aon tréimhse níos giorra go dtí an dáta deiridh.
E11	Fógra scoir	€15.00	Ar scor den ghníomhú	
E10	Ráiteas Cúrsaí	€15.00	Laistigh de 2 mhí tar éis don ghlacadóir í a fháil	Níl sé seo infheidhme maidir le gach glacadóireacht. (Ní chuirtear an fhoirm isteach ach amháin le haghaidh glacadóireachtaí áirithe faoi alt 430).

2. Scrúdaitheoireachtaí

I gcás cuideachta atá faoi scrúdaitheoireacht, tá sí faoi scrúdú ag scrúdaitheoir ionas gur féidir leis/léi tuarascáil a thabhairt don Ard-Chúirt le tograí maidir le marthanais na cuideachta.

Sásra is ea an scrúdaitheoireacht a chuirtear ar fáil chun cuideachtaí atá i dtrioblóid, ach a d'fhéadfadh a bheith inmharthana, a thabhairt slán agus a chur ar ais ina gceart. Ní mór ionchas réasúnach marthanais a bheith ag an gcuideachta. Agus í ag breithniú cibé iarratas a dheonú chun cuideachta a chuir faoi scrúdaitheoireacht nó gan é a dheonú, beidh níos mó faisnéise ar fáil don chúirt, i bhfoirm tuarascála ó chuntasóir neamhspleách. Tá an ceart ag creidiúnaithe freisin chun éisteacht a fháil le linn na héisteachta cúirte nuair a bhíonn ceapadh scrúdaitheora á bhreithniú. Ní mór nach mbeadh foirceannadh na cuideachta ar bun, áfach, cibé foirceannadh toilteanach nó foirceannadh neamhthoilteanach.

Déanann an chúirt ordú i leith scrúdaitheoir a cheapadh don chuideachta chun staid chúrsaí na cuideachta a scrúdú agus cibé dualgais a chomhlíonadh i ndáil leis an gcuideachta a fhorchuirfear leis an Acht. Féadfaidh siad seo a leanas achainí chun na Cúirte maidir le ceapadh scrúdaitheora a thíolacadh: an chuideachta nó a stiúrthóirí, creidiúnaí nó creidiúnaí teagmhasach nó ionchasach (lena n-áirítear fostaí) de chuid na cuideachta, nó na comhaltaí a bhfuil méid nach lú ná an deichiú cuid den chaipiteal íoctha ina seilbh acu.

I gcás ina gceapfaidh an Chúirt scrúdaitheoir do chuideachta, féadfaidh sí, an tráth céanna nó aon tráth dá éis sin, ordú a dhéanamh ag ceapadh an scrúdaitheora do chuideachta ghaolmhar. Is ionann ré na cosanta ón gCúirt agus 70 lá ó dháta tíolactha na hachainí.

Ceanglais reachtúla

Ní mór foirm E24 (fógra i dtaobh na hachainí chun scrúdaitheoir a cheapadh) a sheachadadh chuig an CRO laistigh de thrí lá tar éis a tíolactha chun na Cúirte. Ní dhéantar an achainí iarbhir a chomhdú leis an CRO. Déanfaidh an scrúdaitheoir socrú chun sonraí a cheapacháin nó a ceapacháin, lena n-áirítear dáta an cheapacháin, a fhoilsiú san Iris Oifigiúil agus in ar a laghad dhá nuachtán laethúla a léitear sa cheantar ina bhfuil oifig chláráithe na cuideachta suite. Ní mór cóip den ordú chun scrúdaitheoir a cheapadh a chomhdú leis an gcláráitheoir laistigh de thrí lá.

Tá sé mar dhualgas ar an scrúdaitheoir scrúdú a dhéanamh ar chúrsaí na cuideachta agus tuarascáil a thabhairt don Chúirt.

Ní mór ordú cúirte chun scor de chosaint na cúirte, chun an chuideachta a chur faoi leachtú nó chun na tograí a dhaingniú a chomhdú leis an CRO. Mura ndéanfaí amhlaidh, bheadh stádas Scrúdaitheoireachta fós ag an gcuideachta agus bheadh an duine aonair le feiceáil go fóill ar asphrionta cuideachta.

Má mheasann an Ard-Chúirt gur cuí déanamh amhlaidh, féadfar na horduithe seo agus ordú faoi alt 533 (tar éis éisteachta maidir le mírialtachtaí i ndáil le cúrsaí na cuideachta) a sheachadadh ar chláráitheoir na gcuideachtaí ag an scrúdaitheoir nó cibé duine eile a shonróidh an chúirt – ordú faoi alt 541 maidir le dearbhú tograí; ordú faoi alt 553 maidir le cúlghairm an ordaithe ag dearbhú tograí.

Cáilíochtaí scrúdaitheoirí.

Ní bheidh duine cáilithe chun a bheith cheaptha nó chun gníomhú mar scrúdaitheoir ar chuideachta mura mbeadh sé nó sí cáilithe chun gníomhú mar a leachtaitheoir (ach gan aird chun na críche seo ar cheanglais alt 634 maidir le clúdach slánaíochta gairmiúla). Aon duine a ghníomhóidh mar scrúdaitheoir de chuid cuideachta nuair nach bhfuil sé nó sí cáilithe chuige sin, beidh sé nó sí ciontach i gcion chatagóir 2. Féach cuid 4.1, Cáilíochtaí chun gníomhú mar Leachtaitheoir agus cuid 4.2, Dícháilíochtaí i leith gníomhú mar leachtaitheoir.

Na Doiciméid a bheidh le Cur Isteach		Táille Comhdaithe	An tréimhse ama i leith Seachadta
E24	Fógra um iarratas ar cheapadh Stiúrthóra	€15.00	Laistigh de 3 lá ó thíolacadh na hachainí
Ordú Cúirte	Ordú Cúirte ag ceapadh scrúdaitheora eatramhachaigh	€15.00	Laistigh de 3 lá ó thíolacadh na hachainí
Ordú Cúirte	Ordú Cúirte ag ceapadh scrúdaitheora	€15.00	Laistigh de 3 lá ó thíolacadh na hachainí
Ordú Cúirte	Ordú Cúirte ag scor cosaint/ag leasú sceim socruithe	€15.00	Láithreach

3. Foirceannadh

Féadfar cuideachta a fhoirceannadh:

- trí rún ó na Comhaltaí tar éis dearbhú sócmhainneachta a bheith déanta;
- trí rún ó na comhaltaí arna rathú ag na Creidiúnaithe;
- trí ordú ón gCúirt.

Is éard atá i gceist le leachtú ná díscáoileadh cuideachta, sa chás ina bhfuil a gnóthaí curtha in ord agus a cuid sócmhainní réadaithe agus dáilte ar na páirtithe atá dlite. Duine is ea an leachtaitheoir atá neamhspleách ar an gcuideachta.

I bhformhór na gcásanna, ceaptar leachtaitheoir agus ní mór dó nó di cuntais a chomhdú faoi fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014. Déantar an chuideachta a dhíscáoileadh amhail an dáta a bheidh 3 mhí ó dháta cláraithe na ndoiciméad deiridh i gcás foirceannadh toilteanach, nó, sa chás ina n-ordaíonn an chúirt í a dhíscáoileadh tar éis foirceanta ag leachtaitheoir arna cheapadh ag an gcúirt, amhail an dáta ar a ngeofar nó a gclárófar an t-ordú cúirte sin.

Fógra go bhfuil cuideachta faoi leachtú

Ní mór go mbeadh ráiteas go bhfuil an chuideachta á foirceannadh ar gach sonrasc, gach ordú i leith earraí nó gach litir ghnó arna n-eisiúint –

- ag an gcuideachta atá á foirceannadh nó thar a ceann; nó
- ag glacadóir cuideachta den sórt sin nó thar a cheann,

toisc gur doiciméad é ar a bhfuil nó ina bhfuil ainm na cuideachta, fógra go bhfuil cuideachta faoi leachtú.

Maidir le gach sonrasc, gach ordú i leith earraí nó gach litir ghnó arna n-eisiúint ag nó thar ceann cuideachta ar ceapadh leachtaitheoir sealadach ina leith, thar ceann leachtaitheoir sealadach don chuideachta, nó ag glacadóir ar mhaoin na cuideachta den sórt sin, toisc gur doiciméad é –

- ar a bhfuil nó ina bhfuil ainm na cuideachta; agus
- a eisíodh le linn thréimhse oifige an leachtaitheora shealadaigh sa cháil mar an leachtaitheoir sealadach sin,

ní mór go mbeadh ráiteas air nó uirthi gur ceapadh leachtaitheoir sealadach don chuideachta.

Ní mór go mbeadh ráiteas go bhfuil an chuideachta á foirceannadh ar aon suíomh gréasáin de chuid na cuideachta atá á foirceannadh agus ar aon phost leictreonach arna sheoladh chuig tríú páirtí ag an gcuideachta sin nó thar a ceann.

Seanainm

I gcás ina dtosófar ar chuideachta a fhoirceannadh laistigh de bhliain tar éis an dáta ar ar athraigh an chuideachta a hainm de réir an Achta seo, beidh seanainm agus ainm láithreach na cuideachta i ngach fógra agus fógrán a bhainfidh leis an bhfoirceannadh agus ar aon suíomh gréasáin de chuid na cuideachta agus ar aon phost leictreonach arna sheoladh chuig tríú páirtí¹ aici nó thar a ceann.

Diúscairt leabhar agus páipéar cuideachta i gcás foirceannadh.

Nuair atá cuideachta foirceannta agus atá sí ar tí a díscáoilte, féadfar séala nó séalaí, leabhair agus páipéir na cuideachta agus an leachtaitheora a dhiúscairt mar seo a leanas –

- i gcás foirceannadh toilteanach ag comhaltaí, cibé bealach a ordóidh an chuideachta trí rún speisialta; agus
- i gcás foirceannadh ag an gcúirt nó foirceannadh toilteanach ag comhaltaí, cibé bealach a ordóidh an coiste iniúchta nó, murab ann do choiste den sórt sin, creidiúnaithe na cuideachta.

¹ Ciallaíonn tríú páirtí duine seachas oifigeach nó fostaí de chuid na cuideachta lena mbaineann, nó cuideachta shealbhaíochta nó fochuideachta de chuid na cuideachta nó oifigeach nó fostaí de chuid na cuideachta shealbhaíochta nó na fochuideachta sin.

In aon cheann de na cásanna thuasluaite agus d'ainneoin aon ní in ordú roimhe sin, áfach, coinneoidh an leachtaitheoir an séala nó na séalaí, na leabhair agus na páipéir sin ar feadh tréimhse 6 bliana ar a laghad tar éis an dáta ar ar díscáoileadh an chuideachta agus, in éagmais orduithe roimhe sin maidir lena ndíúscairt, féadfaidh an leachtaitheoir iad a dhiúscairt ansin mar is cuí leis nó léi.

3.1 Foirceannadh Toilteanach ag Comhaltaí

Ionas gur féidir le comhaltaí a gcuideachta a fhoirceannadh go toilteanach mar Fhoirceannadh Toilteanach ag Comhaltaí, ní mór dearbhú sócmhainneachta agus rún speisialta a chur isteach. Ní mór do thromlach na stiúrthóirí dearbhú reachtúil a dhéanamh á rá go ndearna siad fiosrúchán iomlán faoi chúrsaí na cuideachta, agus, tar éis a dhéanta, gur tháinig siad ar an tuairim go mbeidh an chuideachta in ann a fiacha a íoc go hiomlán laistigh de thréimhse nach faide ná 12 mhí ó thosach an fhoirceanta (ar an bhfoirm E1). Laistigh de mhí amháin ó dháta déanta an dearbhaithe sócmhainneachta, ní mór do na comhaltaí rún speisialta a rith chun foirceannadh a dhéanamh agus leachtaitheoir a cheapadh. Ní mór an rún um fhoirceannadh a fhógairt san Iris Oifigiúil laistigh de 14 lá tar éis an rún a bheith rite.

Ceanglais reachtúla – Foirmeacha nach mór a chomhdú

Ar dtús, ní mór an Dearbhú Sócmhainneachta (Foirm E1-SAP/E1-41) a chomhdú leis an CRO, mar aon le rún speisialta um fhoirceannadh agus leachtaitheoir a cheapadh (Foirm G1), agus Fógra faoi cheapadh leachtaitheora (Foirm E2).

Ní mór go mbeadh an rún speisialta um fhoirceannadh ina rún speisialta (Foirm G1) sa chás ina bhfuil leas á bhaint as an Nós Imeachta Formheasta Achomair. Faoin nós imeachta dá bhforáiltear in alt 580 d'Acht na gCuideachtaí 2014, féadfaidh an rún um fhoirceannadh a bheith ina ghnáthrún. Is féidir leis an rún chun leachtaitheoir a cheapadh i gceachtar cás a bheith ina ghnáthrún a ritheadh i gcruinniú ginearálta.

An nós imeachta dá bhforáiltear in alt 580 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní bhaineann sé ach amháin le cuideachtaí a chomhlíonann riachtanais áirithe – ní mór don chuideachta a bheith ina cuideachta ré socraithe/imeachta shocraithe. Féadfar an nós imeachta a thosú ar dhul in éag don tréimhse atá socraithe i leith ré chuideachta ina bunreacht, nó, má tharlaíonn a leithéid, má tharlaíonn cibé teagmhas a bhforáiltear i mbunreacht cuideachta go ndéanfar an chuideachta a dhíscáoileadh nuair a tharlóidh sé.

Ar leithligh ó cheangaltais an CRO, ní mór don chuideachta a áirithiú go bhfógrófar an leachtú san Iris Oifigiúil (alt 581). Gearrtar táille comhdaithe €15 an ceann ar Fhoirmeacha E1-SAP/E1-41, E2, G1, agus G2.

Foirmeacha atá le comhdú i gcás Foirceannadh Toilteanach ag Comhaltaí

Foirmeacha nach mór a chomhdú	Cur síos	Táille Comhdaithe	Tráth an tSeachadta	Tréimhse lena Clúdach
G1/G2	Rún	€15	Laistigh de 15 lá ón gcruinniú	
E1	Dearbhú Sócmhainneachta (E1-SAP/E1-41)	€15	Laistigh de 21 lá faoin Nós Imeachta Formheasta Achomair dá bhforáiltear in alt 207. (E1-SAP) Laistigh de 14 lá faoin nós imeachta dá bhforáiltear in alt 580.(E1-41).	
E2	Fógra faoi cheapadh leachtaitheora	€15	Laistigh de 14 lá ón gceapachán	

E3	Cuntas an leachtaitheora ar a chuid nó a cuid gníomhartha agus déileálacha	€15	Laistigh de 7 lá óna dtíolacadh ag cruinniú	Tréimhsí 12 mhí. Ní gá aon tréimhse níos giorra go dtí dáta an leachtaithe a bheith clúdaithe.
E4	Mionnscríbhinn agus cuntas an leachtaitheora	€15	Laistigh de 14 lá ó dheireadh na tréimhse	An chéad 12 mhí agus ina dhiaidh sin gach 6 mhí agus freisin aon tréimhse is giorra go dtí dáta deiridh an leachtaithe
E5	Ráiteas cuntais	€15	Laistigh de 7 lá ón gcruinniú	
E6	An Cruinniú Deiridh	€15	Laistigh de 7 lá ón gcruinniú	

Féach Cuid 8 maidir le conas dearbhú sócmhainneachta a chomhlánú. Tá sé an-tábhachtach an Fhoirm E1 a chomhlánú i gceart mar go mbeidh ar an gcuideachta dul chun na hArd-Chúirte i gcomhair ordú má bhíonn an dearbhú neamhéifeachtach.

Níl gá le foirm E3, cuntas leachtaitheora ar a chuid nó a cuid déileálacha, más amhlaidh go leanfaidh an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí. Má leanann an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse níos faide, áfach, ní mór Foirm E3 a chomhdú don chéad 12 mhí, agus do gach tréimhse bheacht de 12 mhí i rith an fhoirceanta. I gcás aon tréimhse níos giorra suas go dtí dáta an chruinnithe dheiridh, ní gá Foirm E3 bhreise a chur isteach. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar Fhoirm E3.

Tá sé de dhualgas ar an leachtaitheoir tionól cruinnithe ghinearálta den chuideachta a ghairm, agus fógra 7 lá á thabhairt aige nó aici ina leith sin, do lá tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis chothrom lae rite an rúin um fhoirceannadh; agus a leagan faoi bhráid an chruinnithe sin cuntas ar a chuid nó a cuid gníomhartha agus déileálacha agus ar sheoladh an fhoirceanta i rith na bliana roimhe sin. Laistigh de 7 lá tar éis dháta an chruinnithe sin, seolfaidh an leachtaitheoir cóip den chuntas thuasluaite (foirm E3) chuig an gCláráitheoir.

Níl gá le foirm E4, mionnscríbhinn leachtaitheora agus cuntais faoi alt 681, más amhlaidh go leanfaidh an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí. Más amhlaidh go leanfaidh an foirceannadh ar aghaidh níos faide, áfach, ní mór Foirm E4 a chomhdú don chéad tréimhse 12 mhí agus gach tréimhse sé mhí ina dhiaidh sin, agus aon tréimhse níos giorra, suas go dtí dáta dheireadh an fhoirceanta (dáta an chruinnithe dheiridh ar an bhFoirm E6). Gearrtar táille comhdaithe €15 ar Fhoirm E4. Ní mór an fhoirm E4 a chur isteach chuig an CRO laistigh de 14 lá tar éis an chothroim bliana.

Ní mór ráiteas iomlán cuntais a chlúdaíonn tréimhse an leachtaithe – Foirm E5 – a bheith ag gabháil le Foirm E6, Tuairisceán ar an gcruinniú foirceanta deiridh. Gearrtar táille comhdaithe €15 an ceann ar Fhoirm E6 agus ar Fhoirm E5. Ní mór an cruinniú deiridh a thionól le fógra ar a laghad 28 lá i scríbhinn tugtha roimh ré. Ní gá fógra a chur i nuachtán.

Díscaoileadh

3 mhí tar éis dháta cláraithe na ndoiciméad deiridh – foirm E6 agus foirm E5, meastar go bhfuil an chuideachta díscaoilte. Is féidir an díscaoileadh a chur ar neamhní laistigh de 2 bhliain faoi alt 708 d'Acht na gCuideachtaí. Ní mór cóip den ordú cúirte a sheoladh chuig an CRO (leis an táille comhdaithe €15) agus athraítear stádas na cuideachta ar ais chuig 'faoi Leachtú'. Is féidir le haon pháirtí leasmhar, laistigh de na 3 mhí tar éis an dáta ar a bhfaightear/a gcláraítear na foirmeacha deiridh, iarratas a dhéanamh ar an díscaoileadh a chur siar. Ba chóir aon ordú arna dhéanamh a chur faoi bhráid an CRO go pras, nó d'fhéadfadh an chuideachta a bheith díscaoilte. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar ordú cúirte.

3.1.2 Foirceannadh Toilteanach ag Comhaltaí a chomhshó ina Fhoirceannadh Toilteanach ag Creidiúnaithe.

Faoi alt 584 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní mór don leachtaitheoir a chur in iúl do dhaoine eile go bhfuil athrú tagtha ar leachtú na cuideachta agus na cúinsí a bhaineann leis sa chás ina bhfuil an leachtaitheoir den tuairim nach bhfuil an chuideachta in ann a cuid fiacha a íoc.

Ansin leanann an leachtaitheoir an nós imeachta a úsáidfidh maidir le foirceannadh ag creidiúnaithe: go príomha, déanann an leachtaitheoir cruinniú creidiúnaithe a ghairm i gcomhair lae nach déanaí ná an 14ú lá tar éis an lae ar a dtáinig sé nó sí ar an tuairim sin;

- chuirfeadh sé nó sí fógraí faoi chruinniú na gcreidiúnaithe chuig na creidiúnaithe leis an bpost 10 lá ar a laghad roimh an lá ar a bhfuil an cruinniú sin le tionól;
- chuirfeadh sé nó sí faoi deara fógra faoi chruinniú na gcreidiúnaithe a fhógairt, 10 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe, uair amháin san Iris Oifigiúil agus uair amháin ar a laghad in 2 nuachtán laethúla a léitear sa cheantar ina raibh príomh-áit ghnó na cuideachta sa Stát suite le linn na tréimhse iomchuí.

Ba chóir don leachtaitheoir, sa tréimhse roimh an lá ar a dtionólfar cruinniú na gcreidiúnaithe, cibé faisnéis a thabhairt do chreidiúnaithe, saor in aisce, a bhaineann le cúrsaí na cuideachta a theastóidh uathu le réasún.

Thairis sin, déanfaidh an leachtaitheoir amach ráiteas maidir le cúrsaí na cuideachta, lena n-áirítear ráiteas i dtaobh shócmhainní agus dliteanais na cuideachta, liosta de na creidiúnaithe neamhíoctha agus méid measta a gcuid éileamh, cuirfidh sé nó sí an ráiteas sin faoi bhráid chruinniú na gcreidiúnaithe agus beidh sé i láthair ag an gcruinniú sin agus i gceannas air.

3.2 Foirceannadh Toilteanach ag Creidiúnaithe

I gcás foirceannadh ag creidiúnaithe ní mór don chuideachta cruinniú de na creidiúnaithe a ghairm. Ní mór do na creidiúnaithe fógra ar a laghad deich lá a fháil agus ní mór a gcruinniú a thionól ar an lá céanna leis an gcruinniú de na comhaltaí ar a bhfuil an rún le haghaidh foirceannadh toilteanach le moladh, nó an lá ina dhiaidh sin.

Ceanglais reachtúla

Ní mór an cruinniú a fhógairt deich lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe, in dhá nuachtán laethúla a léitear sa cheantar ina bhfuil oifig chláraithe na cuideachta. Tá sé de cheart ag na creidiúnaithe maoirseacht a dhéanamh ar sheoladh an leachtaithe. Féadfaidh na creidiúnaithe coiste iniúchta a cheapadh ag a gcruinniú chuige sin.

Ní mór na comhaltaí agus na creidiúnaithe a ghairm ag gach cruinniú a thionólfadh an leachtaitheoir. I gcás fógra i scríbhinn i leith an chruinnithe sin a sheolfar chuig na creidiúnaithe –

- (a) sonrófar ann dáta, am agus láthair chruinniú na gcreidiúnaithe;
- (b) sonrófar ann ainm agus seoladh an duine atá beartaithe an tráth sin lena cheapadh nó lena ceapadh ina leachtaitheoir, más ann; agus
- (c) (i) ceanglófar leis liosta de chreidiúnaithe na cuideachta; nó
(ii) cuirfeadh in iúl don fhaighteoir san fhógra cé na cearta atá aige nó aici agus tabharfar sonraí na háite ina bhféadfar an liosta de chreidiúnaithe na cuideachta a iniúchadh.

Déanfaidh stiúrthóirí na cuideachta an méid seo a leanas –

- cuirfidh siad faoi deara ráiteas iomlán ar staid chúrsaí na cuideachta, mar aon le liosta de chreidiúnaithe na cuideachta agus méid measta a n-éileamh, a leagan faoi bhráid chruinniú na gcreidiúnaithe; agus
- ceapfaidh siad duine dá líon chun bheith i gceannas ag an gcruinniú sin agus beidh sé de dhualgas ar an stiúrthóir a cheapfar amhlaidh a bheith i láthair ag cruinniú na gcreidiúnaithe agus a bheith i gceannas air.

Má chuirtear ar athráth an cruinniú de chuid na cuideachta ag a bhfuil an rún le haghaidh foirceannadh toilteanach le moladh agus má ritear an rún ag cruinniú a cuireadh ar athráth, beidh feidhm ag aon rún arna rith ag cruinniú na gcreidiúnaithe amhail is dá mbeadh sé rite díreach tar éis an rún a rith chun an chuideachta a fhoirceannadh.

Foirmeacha atá le comhdú leis an CRO i gcás Foirceannadh Toilteanach ag Creidiúnaithe

Foirmeacha nach mór a chomhdú	Cur síos	Táille Comhdaithe	Tráth an tSeachadta	Tréimhse lena Clúdach
G1/G2	Rún	€15	Laistigh de 15 lá ó ritheadh an rún	Tá rún um foirceannadh agus um leachtaitheoir a cheapadh de dhíth.
E2	Fógra faoi cheapadh leachtaitheora	€15	Laistigh de 14 lá ón gceapachán	
E3	Cuntas an leachtaitheora ar a chuid nó a cuid gníomhartha agus déileálacha	€15	Laistigh de 7 lá óna dtfolacadh ag cruinniú	Tréimhsí 12 mhí. Ní gá aon tréimhse níos giorra go dtí dáta an leachtaithe a bheith clúdaithe.
E4	Mionnscribhinn agus cuntas an leachtaitheora	€15	Laistigh de 14 lá ó dheireadh na tréimhse	An chéad 12 mhí agus ina dhiaidh sin gach 6 mhí agus freisin aon tréimhse is giorra go dtí dáta deiridh an leachtaithe
E5	Ráiteas cuntais	€15	Laistigh de 7 lá ón gcruinniú	
E7	Tuairisceán ón gCruinniú Deiridh	€15	Laistigh de 7 lá ón gcruinniú	

Ar leithligh ó cheangaltais an CRO, ní mór don chuideachta a áirithiú go bhfógrófar an leachtú san Iris Oifigiúil (alt 586).

I gcás foirceannadh ag creidiúnaithe, ní mór gnáthrún de chuid na cuideachta chun foirceannadh a dhéanamh uirthi agus leachtaitheoir a cheapadh (Foirm G2), fógra faoi cheapadh leachtaitheora (Foirm E2) agus rún creidiúnaithe a chomhdú leis an CRO. Ní mór don leachtaitheoir cruinnithe na gcomhaltaí agus na gcreidiúnaithe a ghairm ag deireadh gach bliana, chun cuntas a thabhairt ar a chuid nó a cuid gníomhartha agus déileálacha agus ar sheoladh an fhoirceanta. Ní mór sonraí an chruinnithe a sheachadadh ar an CRO ar Fhoirm E3.

Níl gá le foirm E3, cuntas leachtaitheora ar a chuid nó a cuid déileálacha, más amhlaidh go leanann an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí. Má leanann an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse níos faide, áfach, ní mór Foirm E3 a chomhdú don chéad 12 mhí, agus do gach tréimhse bheacht de 12 mhí ina dhiaidh sin. Ní gá aon tréimhse níos giorra go dtí dáta an chruinnithe dheiridh a bheith clúdaithe le foirm E3.

Tá sé de dhualgas ar an leachtaitheoir a ghairm, agus fógra 7 lá á thabhairt ina leith, reáchtáil na gcruinnithe seo a leanas –

- (i) más rud é go bhfuil coiste iniúchta ceaptha – cruinniú den choiste iniúchta; nó
- (ii) mura bhfuil coiste iniúchta ceaptha, cruinniú de chreidiúnaithe na cuideachta, ar lá nach déanaí ná 28 lá tar éis an chothroim lae lena mbaineann;

agus a leagan faoi bhráid an chruinnithe sin cuntas ar a chuid nó a cuid gníomhartha agus déileálacha agus ar sheoladh an fhoirceanta i rith na bliana roimhe sin.

Laistigh de 7 lá tar éis dháta an chruinnithe sin, seolfaidh an leachtaitheoir cóip den chuntas thuasluaite chuig an gCláráitheoir. I gcás ina ndéanfar cruinniú den choiste iniúchta a thionól, féadfaidh an coiste sin, le rún, a ordú don leachtaitheoir cruinniú de chreidiúnaithe na cuideachta a thionól agus, má thugtar ordú den sórt sin, cuirfidh an leachtaitheoir faoi deara go ndéanfar an cruinniú sin a thionól agus a sheoladh tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis dháta an rúin sin.

Níl gá le foirm E4, mionnscribhinn leachtaitheora agus cuntais faoi alt 681 más amhlaidh go leanfaidh an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí. Más amhlaidh go leanfaidh an

foirceannadh ar aghaidh níos faide, áfach, ní mór Foirm E4 a chomhdú don chéad tréimhse 12 mhí agus gach tréimhse sé mhí ina dhiaidh sin, agus aon tréimhse níos giorra, suas go dtí dáta dheireadh an fhoirceanta (dáta an chruinnithe dheiridh ar Fhoirm E7). Gearrtar táille comhdaithe €15 ar Fhoirm E4. Ní mór an fhoirm E4 a chur isteach chuig an CRO laistigh de 14 lá tar éis an chothroim bliana.

Cuirtear isteach Foirm E7, Tuairisceán ar chruinnithe deireanacha na gcomhaltaí agus na gcreidiúnaithe, nuair a bhíonn an foirceannadh curtha i gcrích agus bíonn ráiteas iomlán cuntais ag gabháil leis ina gclúdaítear ré an leachtaithe (Foirm E5). Ní mór an cruinniú deiridh a thionól le fógra ar a laghad 28 lá i scríbhinn tugtha roimh ré. Ní gá fógra a chur i nuachtán.

Gearrtar táille comhdaithe €15 an ceann ar Fhoirmeacha E2, E3, E4, G2, E7 agus E5.

Díscaoileadh

3 mhí tar éis chlárú na ndoiciméad deiridh – foirm E7 agus foirm E5, meastar go bhfuil an chuideachta díscaoilte. Is féidir an díscaoileadh a chur ar neamhní laistigh de 2 bhliain faoi alt 708 d’Acht na gCuideachtaí 2014.

Ní mór cóip den ordú cúirte a sheoladh chuig an CRO (leis an táille comhdaithe €15) agus athraítear stádas na cuideachta ar ais chuig ‘faoi Leachtú’. Is féidir le haon pháirtí leasmhar, laistigh de na 3 mhí tar éis an dáta a fhaightear/a chláraítear na foirmeacha deiridh, iarratas a dhéanamh ar an díscaoileadh a chur siar. Ba chóir aon ordú arna dhéanamh a chur faoi bhráid an CRO go pras, nó d’fhéadfadh an chuideachta a bheith díscaoilte. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar ordú cúirte.

3.3 Foirceannadh Cúirte

Is féidir leis an gCúirt foirceannadh a dhéanamh ar chuideachta go príomha ar chomhairle aon chomhalta nó aon chreidiúnaí de chuid na cuideachta nó ar chomhairle an Aire i gcúinsí iomchuí. Ceapann an Chúirt an leachtaitheoir agus tiocfaidh sé nó sí chun bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach de chuid na Cúirte agus oibríonn sé nó sí faoina maoirseacht. (Ciallaíonn an Chúirt, i ndáil le cuideachta, an Ard-Chúirt). Féadfaidh an chúirt a ordú go leanfar leis an leachtú trí bhíthin na rialacha a bhaineann le Foirceannadh Toilteanach ag Creidiúnaithe.

Ceanglais reachtúla

Ní mór achainí a thíolacadh chun na Cúirte agus nuair a dhéantar ordú foirceanta, ní mór cóip dheimhnithe a sheachadadh don CRO. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar ordú cúirte. (Féach Cuid 7 maidir le forais um fhoirceannadh ag an gCúirt). Ní mór don leachtaitheoir, nuair a cheapfar é nó í, fógra ceapacháin a fhoilsiú san Iris Oifigiúil (alt 586, faoi nósanna imeachta um fhoirceannadh ag creidiúnaithe). Ní mór cóip d’aon ordú eile ina dhiaidh sin lena ndéantar neamhniú nó lena gcuirtear bac ar fhoirceannadh nó lena ndéantar an chuideachta a dhíscaoileadh a chur ar fáil chomh maith lena clárú.

Foirmeacha lena seachadadh i gcás foirceannadh ag an gCúirt

Foirmeacha nach mór a chomhdú	Cur síos	Táille Comhdaithe	Tráth an tSeachadta	Tréimhse lena Clúdach
Ordú Cúirte	Ordú Cúirte um fhoirceannadh agus um leachtaitheoir a cheapadh	n/a (sheoladh tríd an cúirte)	Láithreach	
E3	Cuntas an leachtaitheora ar a chuid nó a cuid gníomhartha agus déileálacha	€15	Laistigh de 7 lá óna dtíolacadh ag cruinniú	Tréimhsí 12 mhí. Ní gá aon tréimhse níos giorra go dtí dáta an leachtaithe a bheith clúdaithe.
E4	Mionnscribhinn agus cuntas an leachtaitheora	€15	Laistigh de 14 lá ó dheireadh na tréimhse	An chéad 12 mhí agus ina dhiaidh sin gach 6 mhí agus freisin aon tréimhse is giorra go dtí dáta deiridh an leachtaithe

E5	Ráiteas cuntais	€15	Laistigh de 7 lá ón gcruinniú	Ní chuirtear isteach é ach faoi nós imeachta na gCreidiúnaithe
E7	Tuairisceán ón gcruinniú Deiridh	€15	Laistigh de 7 lá ón gcruinniú	Ní chuirtear isteach é ach faoi nós imeachta na gCreidiúnaithe
Ordú Cúirte	Ordú Cúirte chun scor de leachtú agus cuideachta a dhíscaoileadh (Féadfar a ordú in ordú cúirte go gcomhdófar Deimhniú Scrúdaitheora deiridh in éineacht le hordú cúirte).	€15 €15	Laistigh de 21 lá	Cuirtear isteach é nuair a ordaíonn an chúirt é sin (ní bheadh na cuideachtaí sin ag leanúint nós imeachta na gcreidiúnaithe).

Cuirtear foirm E3 isteach anois i gcás foirceannadh cúirte agus i gcás foirceannadh toilteanach faoi alt 680(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014. Níl gá le foirm E3, cuntas leachtaitheora ar a chuid nó a cuid déileálacha, más amhlaidh go leanann an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí. Má leanann an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse níos faide, áfach, ní mór Foirm E3 a chomhdú don chéad 12 mhí, agus do gach tréimhse bheacht de 12 mhí ina dhiaidh sin. Ní gá aon tréimhse níos giorra go dtí dáta an chruinnithe dheiridh a bheith clúdaithe le foirm E3.

Tá sé de dhualgas ar an leachtaitheoir a ghairm, agus fógra 7 lá á thabhairt ina leith, reáchtáil na gcruinnithe seo a leanas –

- (i) más rud é go bhfuil coiste iniúchta ceaptha – cruinniú den choiste iniúchta; nó
 - (ii) mura bhfuil coiste iniúchta ceaptha, cruinniú de chreidiúnaithe na cuideachta, ar lá nach déanaí ná 28 lá tar éis an chothroim lae lena mbaineann;
- agus a leagan faoi bhráid an chruinnithe sin cuntas ar a chuid nó a cuid gníomhartha agus déileálacha agus ar sheoladh an fhoirceanta i rith na bliana roimhe sin. Laistigh de 7 lá tar éis dháta an chruinnithe sin, seolfaidh an leachtaitheoir cóip den chuntas thuasluaite chuig an gCláraitheoir. I gcás ina ndéanfar cruinniú den choiste iniúchta a thionól, féadfaidh an coiste sin, le rún, a ordú don leachtaitheoir cruinniú de chreidiúnaithe na cuideachta a thionól agus, má thugtar ordú den sórt sin, cuirfidh an leachtaitheoir faoi deara go ndéanfar an cruinniú sin a thionól agus a sheoladh tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis dháta an rúin sin.

Ag brath ar an méid a shonrófar san ordú cúirte chun an leachtaitheoir a cheapadh, cuirtear isteach foirm E4 agus foirm E3. Féadfaidh an chúirt, uaihi féin, ordú a dhéanamh á cheangal ar an leachtaitheoir, cibé tráth a mbeidh cúrsaí na cuideachta foirceanta go hiomlán, iarratas ar dhíscaoileadh na cuideachta a dhéanamh. Más rud é nach ndéanfar ordú á ordú sin, ba chóir an nós imeachta do leachtú trí bhíthin chruinniú deiridh na gcreidiúnaithe a leanúint.

Má shonraítear san ordú go leanfar modh na gcreidiúnaithe:

Níl gá le foirm E4, mionnscribhinn leachtaitheora agus cuntais faoi alt 681, más amhlaidh go leanfaidh an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí. Más amhlaidh go leanfaidh an foirceannadh ar aghaidh níos faide, áfach, ní mór Foirm E4 a chomhdú don chéad tréimhse 12 mhí agus gach tréimhse sé mhí ina dhiaidh sin, agus aon tréimhse níos giorra, suas go dtí dáta dheireadh an fhoirceanta (dáta an chruinnithe dheiridh ar Fhoirm E7). Gearrtar táille comhdaithe €15 ar Fhoirm E4. Ní mór an fhoirm E4 a chur isteach chuig an CRO laistigh de 14 lá tar éis an chothroim bliana.

Cuirtear isteach Foirm E7, Tuairisceán ar chruinnithe deireanacha na gcomhaltaí agus na gcreidiúnaithe, nuair a bhíonn an foirceannadh curtha i gcrích agus bíonn ráiteas iomlán cuntais ag gabháil leis ina gclúdaítear ré an leachtaithe (Foirm E5). Ní mór an cruinniú deiridh a thionól le fógra ar a laghad 28 lá i scríbhinn tugtha roimh ré. Ní gá fógra a chur i nuachtán.

Má shonraítear san ordú go bhfuil an t-ordú díscailte le lorg:

Ní mór E4 a chur isteach maidir le tréimhse ag tosú ón dáta ar ar tfolacadh an achainí chun na Cúirte nó ón dáta ar ar ceapadh an leachtaitheoir, agus ní mór í a chomhlánú cothrom le dáta 12 mhí ó thosach an fhoirceanta, agus, thairis sin, ní mór Foirm E4 a chur isteach maidir le gach tréimhse 6 mhí ina dhiaidh sin, agus aon tréimhse níos giorra suas go dtí an dáta atá ar dheimhniú deiridh an scrúdaitheora (más

ann), nó go dtí an dáta ar a ndíscaoilfear an chuideachta de bhun Ordú Cúirte.

Gearrtar táille comhdaithe €15 an ceann ar Fhoirmeacha E3, E4, E7, agus E5. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar ordú cúirte agus ar dheimhniú scrúdaitheora freisin.

Díscaoileadh de bhun Ordú Cúirte

Cuirfear an foirceannadh i gcrích nuair a bheidh an t-ordú cúirte lena bhfuil an chuideachta á díscaoileadh, deimhniú an scrúdaitheora, más ann, agus an Fhoirm E4 dheiridh taiscthe leis an CRO. Nuair a dhéanfaidh an Chúirt ordú maidir le díscaoileadh cuideachta, d'fhéadfadh sí a ordú go ndéanfar an chuideachta a dhíscaoileadh ón dáta ar a gcuirfear an t-ordú faoi bhráid an CRO.

Díscaoileadh de bhun Nós Imeachta Creidiúnaithe

3 mhí tar éis chlárú na ndoiciméad deiridh – foirm E7 agus foirm E5, meastar go bhfuil an chuideachta díscaoilte. Is féidir an díscaoileadh a chur ar neamhní laistigh de 2 bhliain faoi alt 708 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Ní mór cóip den ordú cúirte a sheoladh chuig an CRO (leis an táille comhdaithe €15) agus athraítear stádas na cuideachta ar ais chuig 'faoi Leachtú'.

Is féidir an díscaoileadh a chur ar neamhní laistigh de 2 bhliain faoi alt 708 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Ní mór cóip den ordú cúirte a sheoladh chuig an CRO (leis an táille comhdaithe €15) agus athraítear stádas na cuideachta ar ais chuig 'faoi Leachtú'. Is féidir le haon pháirtí leasmhar, laistigh de na 3 mhí tar éis an dáta a fhaightear/a chláraítear na foirmeacha deiridh, iarratas a dhéanamh ar an díscaoileadh a chur siar. Ba chóir aon ordú arna dhéanamh a chur faoi bhráid an CRO go pras, nó d'fhéadfadh an chuideachta a bheith díscaoilte. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar ordú cúirte.

3.4 Cumhacht chun iarratas a dhéanamh ar cheisteanna a chinneadh a bhaineann le feidhmiú cumhachtaí

Faoi alt 631 d'Acht na gCuideachtaí 2014, féadfaidh an leachtaitheoir nó aon ranníocóir nó aon chreidiúnaí iarratas a dhéanamh chun na cúirte chun aon cheist a chinneadh a thiocfaidh chun cinn maidir le foirceannadh cuideachta, nó maidir le feidhmiú nó feidhmiú beartaithe aon cheann de chumhachtaí an leachtaitheora.

Féadfaidh an chúirt, más deimhin léi go mbeidh cinneadh na ceiste nó an feidhmiú cumhachta a cheanglaítear cóir agus tairbheach, aontú go hiomlán nó go páirteach don iarratas ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí léi nó féadfaidh sí cibé ordú eile a dhéanamh i ndáil leis an iarratas mar is cóir léi.

Cuirfidh an chuideachta cóip dheimhnithe den ordú a dhéanfar de bhua an ailt sin lena ndéanfar neamhniú ar an rún um fhoirceannadh nó lena gcuirfear bac ar na himeachtaí sa fhoirceannadh ar aghaidh láithreach chuig cláraitheoir na gcuideachtaí lena clárú. Faoi alt 669 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní mór don iarratasóir ar neamhniú an fhoirceanta an fhoirm E669 a chur faoi bhráid an CRO láithreach.

Is í an Ard-Chúirt amháin ar féidir léi neamhniú a dhéanamh ar an rún maidir leis an gcuideachta a fhoirceannadh nuair a bheith sé rite. Ionas go bhfillfeadh an chuideachta ar an nGnáthstadas agus go dtosódh sí i mbun trádála arís, ní mór cóip den ordú cúirte a chur isteach. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar ordú cúirte.

4. Cáilíocht chun duine a cheapadh ina leachtaitheoir/leachtaitheoir sealadach

Faoi Achtanna na gCuideachtaí roimhe seo, ní raibh aon cháilíochtaí foirmiúla riachtanach don cheapachán mar leachtaitheoir.

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá cáilíochtaí de dhíth maidir le duine a cheapadh mar leachtaitheoir nó mar iniúcháir.

Catagóir Cáilíochta	
1. Comhalta de Chomhlacht Cuntasaíochta Forordaithe	Féach 4.2
2. Aturnae Cleachtach	Féach 4.3
3. Comhalta de Chomhlacht Gairmiúil atá aitheanta ag IAASA	Féach 4.4
4. Duine atá cáilithe faoi dhlíthe stáit eile i LEE	Féach 4.5
5. Duine a bhfuil cleachtadh aige nó aici	Féach 4.6

Ní bheidh duine cáilithe lena cheapadh mar leachtaitheoir/scrúdaitheoir ar chuideachta mura dtiocfaidh sé nó sí faoi alt sa Tábla a ghabhann le halt 633 d'Acht na gCuideachtaí.

Féach Cuid 4.8 i ndáil le dícháilíochtaí sonracha lena gcuirtear cosc ar cheapadh mar leachtaitheoir.

Is é an tÚdarás Maoirseachta:

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann
Seoladh: Áras na Sailí, Páirc na Mílaoise, An Nás, Contae Chill Dara

Teileafón: 045 983600
Ríomhphost: info@iaasa.ie

Facs: 045 983 601
Suíomh Gréasáin: www.iaasa.ie

4.1 Leachtuithe a ndearnadh a thionscnamh roimh Acht na gCuideachtaí 2014

Is féidir le leachtaitheoir (lena n-áirítear leachtaitheoir sealadach) leanúint ar aghaidh ag gníomhú i bhfoirceannadh áit a ndearnadh an ceapachán roimh thosach feidhme Acht na gCuideachtaí 2014. (.i. Ní dhéanann an tAcht nua difear do cheapadh leachtaitheora in aon chás ar cuireadh tús leis roimh an Acht nua).

Má tá leachtaitheoir ag déanamh iarratais ar ghníomhú mar leachtaitheoir cuideachta faoi chatagóir 5 (Duine a bhfuil Cleachtadh aige nó aici) is féidir leis an leachtaitheoir leanúint ar aghaidh ag gníomhú mar leachtaitheoir cuideachta i gcás ina ndearnadh an ceapachán roimh thabhairt isteach an Achta nua, fiú sa chás inar diúltaíodh don iarratas sin. (.i. ní dhéanann an tAcht nua difear do cheapadh leachtaitheora in aon chás ar cuireadh tús leis roimh an Acht nua).

4.2 Catagóir 1 – Comhalta de chomhlacht cuntasaíochta forordaithe

T Tá an duine ina chomhalta nó ina comhalta de chomhlacht cuntasaíochta forordaithe, ar duine é nó í –

- ag a bhfuil deimhniú cleachta reatha a bheidh eisithe ag an gcomhlacht sin; agus
- nach bhfuil toirmiscithe de bhua rialacha an chomhlachta sin nó ag ordachán, rialú nó cinneadh de chuid an chomhlachta sin, nó aon choiste araíonachta nó aon choiste um chleachtas gairmiúil de, i leith gníomhú mar leachtaitheoir.

4.3 Catagóir 2 – Abhcóide cleachtach

Is abhcóide an duine, ar abhcóide é nó í –

- ag a bhfuil deimhniú cleachta reatha arna eisiúint ag Dlí-Chumann na hÉireann faoi na hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2002; agus

- nach bhfuil toirmisce de bhua rialachán arna ndéanamh ag Dlí-Chumann na hÉireann, nó cinneadh nó ordú arna ndéanamh ag an mBinse Araíonachta Aturnaetha nó ag an gcúirt, faoi na hAchtanna, i leith gníomhú mar leachtaitheoir.

4.4 Catagóir 3 – Comhalta de chomhlacht gairmiúil atá aitheanta ag IAASA

Tá an duine ina chomhalta nó ina comhalta de cibé comhlacht gairmiúil a aithneoidh an IAASA ó am go ham chun críche an ailt seo, ar duine é nó í –

- atá údaraithe de thuras na huairé ag an gcomhlacht gairmiúil sin maidir le saothrú na ngníomhaíochtaí sonracha a bhfuil sé ina aidhm ag an gcomhlacht sin iad a chur chun cinn nó a chothú, nó ar i leith a saothrú ag a chomhaltaí a bunaíodh an comhlacht sin chun ionadaíocht a dhéanamh orthu; agus
- nach bhfuil toirmisce de bhua rialacha an chomhlachta sin nó ag ordachán, rialú nó cinneadh de chuid an chomhlachta sin, nó aon choiste araíonachta nó aon choiste um chleachtas gairmiúil de, i leith gníomhú mar leachtaitheoir.

4.5 Catagóir 4 – Duine atá cáilithe faoi dhlíthe stáit eile i LEE

Tá an duine sin i dteideal, faoi dhlíthe stáit eile de chuid LEE (seachas Éire), gníomhú mar leachtaitheoir in imeachtaí dócmhainneachta agus, i gcás na gcáilíochtaí atá aige nó aici, nó na himthosca a bhaineann ar shlí eile leis an duine sin, faoina bhfuil sé nó sí i dteideal gníomhú amhlaidh, is cinn iad faoina bhfuil sé nó sí i dteideal, de bhua aon ghníomh Comhphobail, gníomhú mar leachtaitheoir sa Stát.

4.6 Catagóir 5 – Daoine a bhfuil cleachtadh acu ar fhoirceannadh agus saineolas acu ar an dlí ábhartha

An duine sin –

- a bhfuil iarratas déanta aige nó aici chuig an IAASA san fhoirm fhorordaithe laistigh de 30 mhí tar éis thosach feidhme an ailt seo; agus
- a d'íoc an táille fhorordaithe agus atá údaraithe de thuras na huairé ag an Údarás Maoirseachta lena cheapadh amhlaidh, tar éis dheonú an údaraithe sin ar na forais go gcomhlíontar gach ceann díobh seo a leanas:

(i) roimh thosach feidhme an ailt seo, fuair an duine taithí ábhartha leordhóthanach ar fhoirceannadh cuideachtaí agus eolas ar an dlí is infheidhme maidir leis sin de bhua ceachtar díobh seo a leanas –

1. go raibh sé nó sí –

- (A) fostaithe in obair ábhartha ag duine a thit an tráth iomchuí (nó, dá mbeadh an t-alt seo i ngníomh an tráth sin, a bheadh tar éis titim) laistigh de chatagóirí 1, 2 nó 3; nó
- (B) ag gabháil uaidh féin nó uaidhi féin d'obair ábhartha; nó

2. tar éis dó nó di a bheith i mbun cleachtaidh i Stát de chuid LEE (nach é an Stát é) mar leachtaitheoir;

(ii) tá an duine, i dtuairim IAASA, tar éis dul i gcomhairle leis an ODCE, ina dhuine nó ina duine ceart oiriúnach chun gníomhú mar leachtaitheoir; agus

(iii) ní thagann an duine faoi chatagóirí 1, 2, 3 nó 4.

4.7 Ceanglais maidir le clúdach slánaíochta gairmiúla ²

Faoi réir alt 634(3) d'Acht na gCuideachtaí agus alt 635, ní bheidh duine cáilithe chun a cheaptha mar leachtaitheoir ar chuideachta mura bhfuil i bhfeidhm i ndáil leis an duine slánaíocht, i cibé méid agus ar cibé téarmaí a bheidh forordaithe ó am go ham le rialacháin arna ndéanamh ag an IAASA, i gcoinne cailteanas agus éileamh a éireoidh i ndáil le dliteanas sibhialta arna thabhtú ag an duine i leith aon ghníomh nó neamhghníomh ag –

- an duine sin;
- seirbhíseach ná gníomhaire de chuid an duine, nó
- iad araon,

maidir le seoladh fhoirceannadh na cuideachta lena mbaineann.

² Tabhair faoi deara le do thoil: Ní bheidh feidhm aige sin i leith duine maidir le haon fhoirceannadh ar cheapadh é nó í ina leachtaitheoir i ndáil leis roimh thús feidhme an ailt seo.

Is ionann an tagairt do shlánaíocht atá ar fáil i leith duine agus tagairt do shlánaíocht arna soláthar (i gcoinne na gcaillteanas agus na n-éileamh dá dtagraítear san fho-alt sin) ar cheachtar de na modhanna seo a leanas:

- polasaí árachais slánaíochta arna dhéanamh agus arna chothabháil ag an duine a bhfuil gnóthas árachais aige nó aici; nó
- an duine a bheith rannpháirteach, ar bhealach infhorghníomhaithe le dlí ag an duine, i gciste slánaíochta de chineál frithpháirteach atá aitheanta ag an Údarás Maoirseachta de thuras na huaire chun críocha an ailt seo.

4.8 Scor de ghníomhú mar Leachtaitheoir i gcás nach bhfuiltear cáilithe faoi Chatagóirí 1-5

Má scoireann leachtaitheoir de bheith cáilithe chun gníomhú mar leachtaitheoir (féach alt 4.2 – alt 4.7), éireoidh an duine sin as oifig.

Ar éirí as an oifig sin mar gheall ar na himthosca sin, tabharfaidh an duine fógra i scríbhinn go bhfuil sé nó sí éirithe as an oifig sin (mar gheall ar na himthosca sin) laistigh de 2 lá tar éis éirí as an oifig, dóibh seo a leanas –

(a)

- (i) Cláráitheoir na gCuideachtaí (CRO) (ag baint úsáide as Foirm E2A);
 - (ii) an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE); agus
 - (iii) más rud é go raibh an duine údaraithe faoi chatagóir a ceathair (Alt 5.5) le bheith ceaptha ina leachtaitheoir – an IAASA;
- agus

(b) laistigh de 14 lá tar éis éirí as an oifig –

- (i) i gcás foirceannadh ag an gcúirt, an chúirt agus –
 - (I) más rud é go bhfuil coiste iniúchta ceaptha – comhaltaí den choiste sin; nó
 - (II) mura bhfuil aon choiste iniúchta ceaptha – creidiúnaithe na cuideachta;
- (ii) i gcás foirceannadh toilteanach ag creidiúnaithe –
 - (I) más rud é go bhfuil coiste iniúchta ceaptha – comhaltaí den choiste sin; nó
 - (II) mura bhfuil aon choiste iniúchta ceaptha – creidiúnaithe na cuideachta;

Nó

- (iii) i gcás foirceannadh toilteanach ag comhaltaí – comhaltaí na cuideachta.

Maidir le duine a bhí údaraithe faoi chatagóir 5 (Alt 4.6) le bheith ceaptha ina leachtaitheoir –

- má éiríonn an duine cáilithe lena cheapadh mar leachtaitheoir faoi aon chatagóir 1-4 (alt 4.2 go dtí 4.5), ansin scoirfidh éifeacht na cáilíochta de bhun chatagóir 5;
- is féidir leis an IAASA údarú an duine a tharraingt siar nó a chur ar fionraí (ar feadh cibé tréimhse agus ar cibé téarmaí is cuí leis) faoin mhír 5 sin, más deimhin leis nach bhfuil an duine in ann gníomhú go leordhóthanach mar leachtaitheoir a thuilleadh nó nach bhfuil sé nó sí ina dhuine nó ina duine oiriúnach agus cuí a thuilleadh chun gníomhú mar leachtaitheoir.

Féadfaidh an IAASA, d'fhonn íoc as an gcostas a bhaineann le seoladh cibé fiosrúchán is gá a dhéanamh chun críocha a chuid cumhachtaí a fheidhmiú i leith údarú a tharraingt siar nó a chur ar fionraí, cibé muirear tréimhsiúil a bheidh réasúnach a ghearradh, tráth nach minice ná uair sa bhliain, ar aon duine atá ag gníomhú mar leachtaitheoir, ar duine é nó í a ghníomhóidh amhlaidh de bhua an duine a bheidh údaraithe faoi chatagóir 5.

4.9 Dícháiliú sonrath i leith ceapacháin mar leachtaitheoir nó leachtaitheoir sealadach.

Ní bheidh aon duine de na daoine seo a leanas cáilithe chun a cheaptha ina leachtaitheoir cuideachta³ –

- (a) duine atá, nó a bhí laistigh de 24 mhí ó dháta thosach an fhoirceanta, ina oifigeach nó ina fostaí don chuideachta;
- (b) ach amháin le cead na cúirte, tuismitheoir, céile, páirtí sibhialta, deartháir, deirfiúr nó leanbh oifigigh don chuideachta;
- (c) duine atá ina chomhpháirtí, nó atá ar fostú, ag oifigeach nó ag fostaí don chuideachta;
- (d) duine is féimheach neamh-urscaoilte;
- (e) duine nach bhfuil cáilithe de bhua forála roimhe den fho-alt seo chun a cheaptha ina leachtaitheoir ar aon chomhlacht corpraithe eile arb é fochuideachta nó cuideachta shealbhaíochta na cuideachta sin, nó fochuideachta do chuideachta shealbhaíochta na cuideachta sin, é nó a bheadh dícháilithe amhlaidh dá mba chuideachta an comhlacht corpraithe.

Beidh cibé fianaise a éileoidh an chúirt ina tacaíocht le hiarratas ar chead faoi (b). (Alt 635 d'Acht na gCuideachtaí 2014). Más rud é, le linn dó nó di gníomhú mar leachtaitheoir cuideachta, go scoirfidh duine de bheith cáilithe chun gníomhú amhlaidh, éireoidh an duine sin as oifig. Féach 4.8.

5. Ceapadh Leachtaitheora agus é dó í do chur as oifig

5.1 Foirceannadh toilteanach ag comhaltaí.

Tar éis cheapadh leachtaitheora cuideachta faoi alt 583 i bhfoirceannadh toilteanach ag comhaltaí, féadfaidh an chuideachta, i gcruinniú ginearálta, ag cruinniú arna thionól chun na críche sin

- an leachtaitheoir a chur as oifig;
- leachtaitheoir a cheapadh lena chur in ionad an leachtaitheora atá ann nó gníomhú leis nó léi; nó
- eachtaitheoir a cheapadh chun folúntas a líonadh in oifig an leachtaitheora.

Féadfaidh duine díobh seo cruinniú ginearálta den chuideachta a thionól chun críche leachtaitheoir a chur as oifig nó a cheapadh lena chur in ionad an leachtaitheora atá ann nó gníomhú leis nó léi, ar fhógra 10 lá dá comhaltaí:

- aon chomhalta di ag a bhfuil údarás i scríbhinn ó líon nach lú ná an deichiú cuid de na comhaltaí; Nó
- leachtaitheoir atá ann cheana féin;

nó, chun críche leachtaitheoir a cheapadh chun folúntas san oifig a líonadh, féadfaidh duine díobh seo cruinniú ginearálta den chuideachta a thionól, ar fhógra 10 lá dá comhaltaí:

- (i) aon chomhalta di ag a bhfuil an t-údarás thuasluaite i scríbhinn;
- (ii) leachtaitheoir atá ann cheana féin; nó
- (iii) aon ranníocóir.

Beidh na cumhachtaí a thugtar don chuideachta faoi réir aon ordú a fhéadfaidh an chúirt a dhéanamh maidir leis an ábhar ar iarratas chuici ó aon ranníocóir nó leachtaitheoir atá ann cheana féin.

Ba chóir foirm E2b a chomhdú maidir le leachtaitheoir a chur as oifig agus foirm E2c a chomhlánú chun críche an leachtaitheoir ionaid a cheapadh.

5.2 Foirceannadh toilteanach ag creidiúnaithe.

Beidh feidhm ag an alt seo tráth ar bith tar éis cheapadh leachtaitheora cuideachta faoi alt 588 i bhfoirceannadh toilteanach ag creidiúnaithe. I gcás ina bhfuil feidhm ag an alt seo, féadfaidh na creidiúnaithe, ag cruinniú arna thionól chun na críche sin, le rún tromlach, ar bhonn luach amháin,

³ Ní fhéadfaidh iniúchóir cuideachta a bheith ina leachtaitheoir ar an gcuideachta freisin. Folaíonn tagairtí do (a) go dtí (e) faoi alt 635 d'Acht na gCuideachtaí 2014 – measfar go bhfolaíonn an tagairt do leanbh oifigigh de chuid na cuideachta leanbh pháirtí sibhialta an oifigigh sa chás ina bhfuil an leanbh ina ghnáthchónaí leis an oifigeach agus an páirtí sibhialta. Folaíonn oifigeach don chuideachta nó fostaí dá cuid iniúchóir reachtúil na cuideachta.

de na creidiúnaithe atá i láthair go pearsanta nó trí sheachvótálaí, agus atá ag vótáil ar an rún, na cumhachtaí seo a leanas a fheidhmiú.

Is iad cumhachtaí sin na gcreidiúnaithe –

- an leachtaitheoir a chur as oifig⁴;
- leachtaitheoir a cheapadh lena chur in ionad an leachtaitheora atá ann cheana féin nó gníomhú leis nó léi;
- leachtaitheoir a cheapadh chun folúntas a líonadh in oifig an leachtaitheora.

Féadfar cruinniú de chreidiúnaithe na cuideachta a thionól, ar fhógra 10 lá do na creidiúnaithe, ag aon chreidiúnaí dá cuid ag a bhfuil údarás i scríbhinn ó líon nach lú ná an deichiú cuid de na creidiúnaithe nó leachtaitheoir atá ann cheana féin. Beidh na cumhachtaí a thugtar do na creidiúnaithe faoi réir aon ordú a fhéadfaidh an chúirt a dhéanamh maidir leis an ábhar ar iarratas chuici ó aon chreidiúnaí nó leachtaitheoir atá ann cheana féin.

5.3 Foirceannadh Cúirte.

In aon fhoirceannadh, féadfaidh an chúirt, ar iarratas ó chomhalta, creidiúnaí, leachtaitheoir nó an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach nó uaithi féin –

- leachtaitheoir a cheapadh más amhlaidh, ar chúis ar bith, nach bhfuil aon leachtaitheoir ag gníomhú;
- ar chúis a shuíomh, leachtaitheoir a chur as oifig agus leachtaitheoir eile a cheapadh.

I gcás go ndéanfaidh an chúirt ordú, féadfaidh sí cibé ordacháin iarmhartacha is cuí léi a thabhairt, lena n-áirítear ordacháin maidir le seachadadh agus aistriú an tséala, na leabhar, na dtaifead agus aon mhaoin de chuid na cuideachta.

5.4 Leachtaitheoir d'éirí as oifig.

I bhfoirceannadh ar bith, féadfaidh leachtaitheoir éirí as oifig. I gcás ina n-éireoidh leachtaitheoir as oifig, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn ina thaobh sin, laistigh de 2 lá tar éis dó nó di éirí as, don Chláraitheoir (ar an bhFoirm E2a) agus don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus, laistigh de 14 lá tar éis dó nó di éirí as oifig

(a) i gcás foirceannadh ag an gcúirt, don chúirt agus –

(i) más rud é go bhfuil coiste iniúchta ceaptha – do chomhaltaí den choiste sin; nó

(ii) mura bhfuil aon choiste iniúchta ceaptha – do chreidiúnaithe na cuideachta;

(b) i gcás foirceannadh toilteanach ag creidiúnaithe –

(i) más rud é go bhfuil coiste iniúchta ceaptha – do chomhaltaí den choiste sin; nó

(ii) mura bhfuil aon choiste iniúchta ceaptha – do chreidiúnaithe na cuideachta;

nó

(c) i gcás foirceannadh toilteanach ag comhaltaí – do chomhaltaí na cuideachta.

Foirm E2A – Fógra maidir le hÉirí as Oifig an leachtaitheora

Má tá an leachtaitheoir éirithe as faoi alt 635 (5) (le Foirm E2A), d'fhéadfaí nach mór fógra a chur chuig an IAASA freisin. Baineann alt 635 le dícháiliú sonrath i leith gníomhú mar leachtaitheoir (féach cuid 4.8 thuas). Tá an fógra riachtanach más amhlaidh go raibh an duine údaraithe de bhun mhír 5 den Tábla a ghabhann le halt 633 chun a bheith ceaptha mar leachtaitheoir (féach cuid 4.7 thuas).

5.5 Fógraí agus comhdú i leith ceapachán agus cur as oifig.

Déanfaidh cathaoirleach aon chruinnithe ag a gceapfar leachtaitheoir nó ag a gcuirfear leachtaitheoir as oifig, i ndiaidh an chruinnithe, fógra i scríbhinn a sheachadadh láithreach ar an leachtaitheoir maidir le ceapachán an leachtaitheora nó an leachtaitheoir do chur as oifig, mura rud é go raibh an leachtaitheoir nó a ionadaí nó a hionadaí a bhí údaraithe go cuí i láthair ag an gcruinniú inar ritheadh

⁴ Ní fholáitear le leachtaitheoir sa chás seo leachtaitheoir arna cheapadh ag an gcúirt faoi alt 588(5) agus measfar go bhfoláitear leis an leachtaitheoir nó na leachtaitheoirí arna gceapadh ag na creidiúnaithe i bhfeidhmiú na gcumhachtaí faoi aon mhír den sórt sin.

an rún lena mbaineann.

Más amhlaidh nach dtoghfar cathaoirleach ag an gcruinniú, is é nó í an duine a bheidh mar chathaoirleach an chruinnithe an té arbh é nó í an sínitheoir nó an chéad sínitheoir, de réir mar a bheidh, ar an bhfógra lenar tionóladh an cruinniú.

Cathaoirleach an chruinnithe ag a gcuirfear leachtaitheoir as oifig, déanfaidh sé nó sí, i ndiaidh an chruinnithe, Foirm E2b a sheachadadh láithreach ar an gCláraitheoir maidir le leachtaitheoir a chur as oifig agus foirm E2c arna comhlánú chun críche an dara leachtaitheoir a cheapadh.

Foirm E2 (Fógra Ceapacháin – Leachtú Comhaltaí nó Creidiúnaithe)

Déanfaidh an leachtaitheoir, tar éis fógra a cheapacháin nó a ceapacháin (i gcás foirceannadh toilteanach ag comhaltaí nó creidiúnaithe) fógra maidir lena cheapachán nó a ceapachán a sheachadadh láithreach ar an gCláraitheoir san fhoirm E2. Ba chóir an fhoirm sin a chur isteach laistigh de 14 lá ó thráth an cheapacháin. I gcás leachtú cúirte, níl aon ghá foirm E2 a chur isteach. Ina hionad sin, cuirtear isteach cóip den ordú cúirte.

Ordú Cúirte (Fógra Ceapacháin – Leachtú Cúirte)

I gcás ina ndéanfar ordú chun leachtaitheoir a cheapadh nó a chur as oifig –

- déanfaidh an t-iarratasóir ar an ordú; nó
- i gcás ina bhfuil an t-ordú á dhéanamh ag an gcúirt uaithe féin, déanfaidh cibé oifigeach cúirte a bheidh forordaithe, tar éis dhéanamh an ordaithe, fógra i scríbhinn a sheachadadh nó a chur faoi deara a sheachadadh láithreach maidir le ceapachán nó cur as oifig an leachtaitheora, mura rud é go mbeidh an leachtaitheoir nó a ionadaí nó a hionadaí atá údaraithe go cuí i láthair sa chúirt nuair a dhéantar an t-ordú.

I gcás ina ndéanfar ordú chun leachtaitheoir a cheapadh nó a chur as oifig, cuirfidh cibé oifigeach de chuid na cúirte a bheidh forordaithe faoi deara láithreach, tar éis dhéanamh an ordaithe, go dtabharfar don Chláraitheoir cibé sonraí den ordú a bheidh forordaithe.

6. Na himthosca inar féidir leis an gcúirt cuideachta a fhoirceannadh.

Sonraítear in alt 569 d'Acht na gCuideachtaí 2014) na forais faoinar féidir an chuideachta a fhoirceannadh –

- má tá sé beartaithe ag an gcuideachta le rún speisialta go ndéanfaidh an chúirt an chuideachta a fhoirceannadh;
- más amhlaidh nach mbeidh tosaithe ag an gcuideachta ar a gnó laistigh de bhliain tar éis dháta a corpraithe nó má chuireann sí a gnó ar fionraí go ceann tréimhse leanúnach 12 mhí;
- má tá comhaltaí ar fad na cuideachta básaithe nó nach ann dóibh a thuilleadh;
- mura bhfuil an chuideachta in ann a fiacha a íoc⁵;
- más é tuairim na cúirte gur cheart agus gur chóir an chuideachta a fhoirceannadh; más deimhin leis an gcúirt go bhfuil cúrsaí na cuideachta á seoladh, nó cumhachtaí na stiúrthóirí á bhfeidhmiú, ar dhóigh leatromach d'aon chomhalta nó le neamhaird dá chuid nó a cuid leasanna mar chomhalta agus, d'ainneoin go bhfuil leigheas eile ar fáil, go mbeadh cúis dhleathach leis an

⁵ Imthosca ina meastar nach bhfuil cuideachta ábalta a fiacha a íoc.

Measfar nach bhfuil cuideachta ábalta a fiacha a íoc –

- más amhlaidh, i gcás creidiúnaí, trí shannadh nó ar shlí eile, lena bhfuil an chuideachta i bhfiacha suim is mó ná €10,000 atá dlíte an tráth sin, gur sheirbheáil sé nó sí ar an gcuideachta (trína fhágáil ag oifig chláraithe na cuideachta) éileamh i scríbhinn ina gceanglaítear ar an gcuideachta an tsuim atá dlíte amhlaidh a íoc; agus
- (ii) gur mhainnigh an chuideachta, ar feadh 21 lá tar éis dháta seirbheála an éilimh sin, an tsuim a íoc nó í a dhaingniú nó a shocrú chun sástacht réasúnach an chreidiúnaí; nó
- más amhlaidh – (i) i gcás beirt chreidiúnaithe nó níos mó, trí shannadh nó ar shlí eile, lena bhfuil an chuideachta i bhfiacha suim is mó ná €20,000 san iomlán atá dlíte an tráth sin, gur sheirbheáil siad ar an gcuideachta (trína fhágáil ag oifig chláraithe na cuideachta) éileamh i scríbhinn ina gceanglaítear ar an gcuideachta an tsuim atá dlíte amhlaidh a íoc; agus
- (ii) gur mhainnigh an chuideachta, ar feadh 21 lá tar éis dháta seirbheála an éilimh sin, an tsuim a íoc nó í a dhaingniú nó a shocrú chun sástacht réasúnach gach duine de na creidiúnaithe;
- má aischuirtear, gan a bheith sásaithe go hiomlán nó go páirteach, próis forghníomhaithe nó eile a eisíodh de bhun breithiúnais, foraithe nó ordaithe ó aon chúirt i bhfabhar creidiúnaí de chuid na cuideachta; nó
- má chruthaítear chun sástacht na cúirte nach bhfuil an chuideachta in ann a fiacha a íoc, agus, maidir le cinneadh na cúirte cibé an bhfuil cuideachta ábalta a fiacha a íoc nó nach bhfuil, cuirfidh an chúirt sa chuntas dliteanais theagmhasacha agus ionchasacha na cuideachta.

- bhfuirceannadh in imthosca ginearálta an cháis;
- más deimhin leis an gcúirt, ar achainí an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, go bhfuil sé ar mhaithe le leas an phobail go ndéanfaí an chuideachta a fhoirceannadh; nó
- sna himthosca dá dtagraítear in alt 535(2) (nach bhfuil an scrúdaitheoir in ann comhaontú a fháil ná tograí a fhoirmiú maidir le comhréiteach nó scéim chomhshocraíochta) nó 542(5) (an cás ina ndiúltaíonn an chúirt tograí an scrúdaitheora a dheimhniú).

Déanfar iarratas chun na cúirte maidir le cuideachta a fhoirceannadh trí achainí arna tíolacadh –

- ag an gcuideachta, nó
- ag aon chreidiúnaí nó aon chreidiúnaithe (lena n-áirítear creidiúnaí teagmhasach nó ionchasach nó creidiúnaithe teagmhasacha nó ionchasacha ar bith) de chuid na cuideachta; nó
- ag aon ranníocóir nó ranníocóirí de chuid na cuideachta, nó ag gach ceann nó aon cheann de na páirtithe sin, le chéile nó ar leithligh, ach tá sé sin faoi réir na bhforálacha seo a leanas.

Ní thabharfaidh an chúirt éisteacht d'achainí um fhoirceannadh a thíolacfaidh creidiúnaí teagmhasach nó ionchasach go dtí go mbeidh cibé urrús a mheasfaidh an chúirt a bheith réasúnach tugtha i leith costas, agus go dtí go suífead chun sástacht na cúirte cás prima facie le haghaidh an fhoirceannta

7. Dearbhú sócmhainneachta

I gcás foirceannadh toilteanach ag comhaltaí, ní mór dearbhú sócmhainneachta (Foirm E1-SAP) a sheachadadh ar an CRO de bhun an Nós Imeachta Formheasa Achoimre faoi alt 579/207 den Acht. In imthosca áirithe, is féidir dearbhú a ullmhú faoi alt 580 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (foirm E1-41).

7.1 Nós Imeachta Formheasta Achomair

Faoi alt 207 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ceadaítear dearbhú a dhéanamh nuair is mian le cuideachta úsáid a bhaint as an nós imeachta um Fhoirceannadh Toilteanach ag Comhaltaí. Comhlánaítear agus déantar an Fhoirm E1-SAP tráth nach faide ná 3 mhí roimh an dearbhú a mhionnú agus ní mór go n-áireofaí léi an tuarascáil ón duine neamhspleách (féach 7.2 thíos).

Foráiltear faoi alt 580, ar dhul in éag don tréimhse, más ann di, atá socraithe i leith ré chuideachta ina bunreacht, nó, má tharlaíonn a leithéid, má tharlaíonn cibé teagmhas a bhforáiltear i mbunreacht cuideachta go ndéanfar an chuideachta a dhíscaoileadh nuair a tharlóidh sé – féadfar foirceannadh toilteanach ag comhaltaí a thionscain mar mhalairt ar leas a bhaint as an Nós Imeachta Formheasta Achomair chun na críche sin, de réir alt 580(3). (Foirm E1-41)

Tá dearbhú sócmhainneachta neamhéifeachtach mura ndéantar é laistigh de mhí amháin díreach roimh an dáta ar a rithfear an rún chun an chuideachta a fhoirceannadh. Níor chóir é a chur isteach níos déanaí ná an rún um fhoirceannadh agus ba chóir é a chur faoi bhráid an chláraitheora tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis an rún a rith má úsáidtear an Nós Imeachta Formheasta Achomair. (Laidigh de 14 lá ón tionscnamh sa chás ina bhfuiltear ag dul i muinín alt 580).

Réamhsheiceáil an fhoirm

Tá seiciosta ag tús an Fhoirm E1-SAP/E1-41 nach mór é a chomhlánú ag an té a chuirfidh an fhoirm faoi bhráid an CRO.

Mar mhalairt air sin, is féidir an fhoirm E1 a chur ar an bpost chuig an CRO ag Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1. Tá sé tábhachtach an fhoirm a chomhlánú i gceart mar beidh sé ina thoradh ar fhoirm E1 neamhéifeachtach go mbeidh ar an gcuideachta ordacháin a iarraidh ar an Ard-Chúirt má bhíonn sí mícheart.

Seiceáil í agus cinntigh an méid seo a leanas:

- Ní mór don fhoirm a bheith comhlánaithe ag gach stiúrthóir nó ag tromlach de na stiúrthóirí
- Ní mór ainmneacha agus seoltaí cónaithe na stiúrthóirí a shonrú
- Éilítear sa dearbhú sínithe bunaidh na stiúrthóirí
- Má d'athraigh an chuideachta a hainm sa dá mhí dhéag díreach roimh an leachtú, ní mór an t-ainm a bhí ar an gcuideachta roimhe sin a shonrú.
- Mura bhfuil an Ráiteas san airgeadra Euro, ba chóir an t-airgeadra a léiriú go soiléir, á chur in iúl

go bhfuil sé i ndollair, steirling srl.

- Ní mór do thuarascáil ón duine neamhspleách a bheith san áireamh leis an bhFoirm E1. (Cuid B). Síníonn a lán daoine Cuid B ach ní chuireann siad an tuarascáil iarbhír san áireamh. Tá an tuarascáil féin ag teastáil.
- Faoin Nós Imeachta Formheasta Achomair, ní mór an fhoirm E1-SAP a chur isteach laistigh de 21 lá tar éis dáta rite an rúin (alt 207(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014).
- Ní mór an dearbhú a chomhlánú roimh an rún a rith; mar sin, má tá an dá dhoiciméad le comhlánú ar an dáta céanna, ba chóir na hamanna a chur ar an dá fhoirm, i slí a léireoidh go raibh an dearbhú sócmhainneachta comhlánaithe roimh rith an rúin um fhoirceannadh. (alt 580 d'Acht na gCuideachtaí 2014 amháin).
- Déantar dearbhú sócmhainneachta laistigh de 30 laethanta amháin díreach roimh an dáta ar a rithfear an rún chun an chuideachta a fhoirceannadh.

7.2 Tuarascáil ón Duine Neamhspleách

Is ionann Duine Neamhspleách agus duine a bheidh cáilithe tráth na tuarascála lena cheapadh ina iniúchóir reachtúil, nó le leanúint de bheith ina iniúchóir reachtúil, ar an gcuideachta.

Ní mór dóibh seo a leanas a bheith ceangailte le dearbhú sócmhainneachta:

- Tuarascáil ó dhuine neamhspleách a rinneadh de réir alt 580(4) nó alt 207 d'Acht na gCuideachtaí agus í marcáilte leis an litir "B", agus í sínithe ag an duine neamhspleách;
- Ní mór go sonrófár sa tuarascáil an amhlaidh, i dtuairim an duine neamhspleách, nach bhfuil an dearbhú sin míréasúnta.

Formáid na Tuarascála ón Duine Neamhspleách: Alt 207 Tuasascáil:

Ní bheidh feidhm ag dearbhú de bhun alt 207 den Acht 2014 chun críche an Acht 2014 ach amháin:

- (i) go gabhann tuarascáil leis ina bhfuil, ar a laghad, faisnéis ábharthach i gcomhréir leis na ceannteidil mar atá leagtha amach thíos, agus
- (ii) go bhfuil sé dréachtaithe ag duine atá cáilithe le ceapadh ag am na tuarascála, nó go leannann sé/sí, mar iniúchóir reachtúil na cuideachta.

Dírítear an tuarascáil ar an dearbhóir cuideachta agus beidh an fhaisnéis mar seo a leanas, ar a laghad, inti:

- I. Alt túseolais ina sainithnítear dearbhú an stiúrthóra agus aon doiciméad a ghabhann leis, a bhaineann leis an tuarascáil;
- II. Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí;
- III. Ráiteas ar fhreagrachtaí iniúcháir reachtúil;
- IV. Scop na hoibre a dhéanann an t-iniúchóir reachtúil;
- V. Aon fhíoras ábhartha eile (más ann) ar a raibh an t-iniúchóir reachtúil ag brath chun barúil a thabhairt nach bhfuil an dearbhú míréasúnta;
- VI. Barúil an iniúcháir reachtúil nach bhfuil an dearbhú de bhun alt 207 míréasúnta (cuir isteach alt tagartha don tuarascáil lena mbaineann); agus
- VII. Dáta agus síniú an iniúcháir reachtúil atá, tar éis an tuarascáil a chur le chéile, den bharúil nach bhfuil an dearbhú de bhun 207 míréasúnta.

7.3 Dearbhuithe Neamhéifeachtacha

Mura bhfuil an dearbhú sócmhainneachta déanta agus seachadta de réir ailt 207 nó alt 580 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá sé mí-éifeachtach agus tagann an fhoirceannadh chun bheith ina fhoirceannadh toilteanach ag creidiúnaithe. Tá feidhm ag alt 586 sa chás sin. Fágfaidh fiú sárú teicniúil go mbeidh an dearbhú sócmhainneachta neamhéifeachtach.

Ní bheadh sé indéanta, áfach, do leachtaitheoir in imthosca den sórt sin cloí le forálacha alt 587 den Acht, ina gceanglaítear go ndéanfar cruinniú de na creidiúnaithe a ghairm ar a laghad deich lá roimh dháta an chruinnithe den chuideachta agus go dtionólfar é ar an lá céanna leis an gcruinniú de chuid na cuideachta ag a rithfear an rún um fhoirceannadh, nó an lá ina dhiaidh sin.

Is minic a dhéantar iarratas chun na hArd-Chúirte de bhun alt 631 d'Acht na gCuideachtaí 2014,

d'fhonn an rún a neamhniú agus an chuideachta a fhoirceannadh, ionas gur féidir an nós imeachta um fhoirceannadh toilteanach ag comhaltaí a úsáid arís. Mar mhalairt air sin, is féidir iarratas a dhéanamh ag baint úsáide as cumhacht den chineál céanna faoi alt 203(4) ionas go ndearbhóidh an Ard-Chúirt gur bailí chun gach críche leanúint ar aghaidh leis an ngníomhaíocht.

Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí an dearbhú sócmhainneachta a sheiceáil go grinn maidir le sínithe, dátaí agus comhlíonadh fhorálacha Acht na gCuideachtaí, roimh é a chur isteach lena chlárú sa CRO.

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1
Fiosruithe: Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200
Ríomhphost: info@cro.ie **Láithreán:** www.cro.ie

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Public Office: Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1
Postal Enquiries: O'Brien Road, Carlow, R93 E920

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200
Email: info@cro.ie **Web:** www.cro.ie